Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Buiséad go hAchomair

## Eolas do Shaoránaigh

## Buiséad 2020

Ullmhaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiríthe agus an Roinn Airgeadais

**www.gov.ie**

# Clár

Fáilte chuig an mBuiséad go hAchomair 1

Cad é an Buiséad? 2

Próiseas an Bhuiséid 3

Cá as a dtagann an t-airgead? 5

Mar a chaitear an t-airgead 7

Céard atá á dhéanamh again faoin mBreatimeacht? 11

Cén tionchar a bheidh ag Buiséad 2020 ormsa? 14

Cáin Charbóin agus Gníomhú ar son na hAeráide 17

Mar atá ag éirí le hÉirinn? 19

An bhfuil tuilleadh eolais ar fáil? 21

# Fáilte chuig an mBuiséad go hAchomair

Gach bliain tráth an Bhuiséid, déantar cinntí tábhachtacha faoi mar a bheidh airgead poiblí le caitheamh agus ar an méid cánachais a bheidh de dhíth chun sin a chistiú.

Féachtar leis an treoir seo míniú a thabhairt ar mar a bhaileofar an t-airgead sin agus mar a chaithfear an t-airgead sin sa mbliain 2020. Tá leagan amach éasca le húsáid air an gcáipéis chun go mbeifear ábalta í a úsáid feadh réimse leathan den tsochaí. Cuirfidh sin ar chumas saoránach a bheith páirteach i ndíospóireacht fheasach faoi na roghanna atá déanta ag an Rialtas.

Tugtar forléargas ardleibhéil ar Bhuiséad 2020 sa treoir seo. Dá mba mhaith leat tuilleadh a fháil amach faoi aon chuid den eolas atá sa treoir seo, téigh chuig www.budget.gov.ie áit is féidir teacht ar réimse ábhair níos cuimsithí lena íoslódáil.





# Cad é an Buiséad?

I mí Dheireadh Fómhair gach bliain, fógraíonn an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe pleananna caiteachais, cánach agus iasachtaíochta an Rialtais don bhliain dár gcionn.

Tugtar an buiséad náisiúnta air sin. Leithdháiltear airgead ar earnálacha éagsúla ionas gur féidir leo earraí agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal.

Cumhdaítear caiteachas agus ioncaim uile an Rialtais sa bhuiséad. Áirítear ann gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, comhlachtaí poiblí neamhthráchtála chomh maith leis an earnáil Rialtais Áitiúil.

# An Próiseas Buiséid

Cuirtear an **Nuashonrú ar an gClár Cobhsaíochta** ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Aibreáin. Léirítear ann an cúlra eacnamaíochta a bhaineann leis an mBuiséad agus leagtar amach straitéis eacnamaíochta an Rialtais don chúig bliana atá romhainn.

Foilsítear **Ráiteas Eacnamaíochta an tSamhraidh** i mí an Mheithimh ina gcuirtear measúnú nuashonraithe ar fáil maidir le mar atá ag éirí leis an ngeilleagar agus airgeadas poiblí agus leagtar amach straitéis an Rialtais maidir leis an mBuiséad. Fágtar gur féidir plé oscailte a bheith ann faoi roghanna agus tosaíochtaí roimh an mBuiséad i mí Dheireadh Fómhair.

Reáchtáiltear an **tIdirphlé Náisiúnta Eacnamaíochta** i mí an Mheithimh. Freastalaíonn Airí, Comhaltaí an Oireachtais, ionadaithe gnó agus fostaithe, grúpaí sóisialta agus deonacha, grúpaí timpeallachta agus a gcomhlachtaí ionadaitheacha ar an idirphlé. Fágtar gur féidir tuairimí a roinnt faoi na tosaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta iomaíocha atá roimh an Rialtas.

I mí Iúil, déantar seasamh an Rialtais ó thaobh caiteachais go dtí deireadh mhí an Mheithimh i ngach réimse caiteachais sa **Tuarascáil ar Chaiteachas ag Lár na Bliana** ina leagtar amach an seasamh cothrom le dáta réamh-Bhuiséid.

Foilsíonn an Roinn Airgeadais an **Páipéar Bán maidir le Fáltais agus Caiteachas** an deireadh seachtaine roimh an mBuiséad, ina leagtar amach ioncaim agus caiteachas náisiúnta réamh-mheasta don bhliain reatha agus don bhliain dár gcionn (2020). Leagtar amach an seasamh tosaigh le haghaidh an Bhuiséid agus áirítear na figiúirí ar bhonn réamh-Bhuiséid (i.e. bunaithe ar an mBuiséad reatha ní ar an mBuiséad a fhógrófar an tseachtain ina dhiaidh sin).

Cuireann an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ráiteas Buiséid faoi bhráid Dháil Éireann **Lá an Bhuiséid**. Tugtar cuntas sa Ráiteas Buiséid ar na hathruithe atá beartaithe ag an Rialtas a dhéanamh ar chánacha agus ar chaiteachas don bhliain dár gcionn. Déantar plé ar na moltaí sin. Vótálann Dáil Éireann i leith aon athruithe atá beartaithe a mbeidh éifeacht láithreach leo mar Rúin Airgeadais.

Déantar foráil leis an **Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean** maidir le hathruithe sa chód leasa shóisialaigh a fhógraítear sa Bhuiséad agus achtaítear an tAcht go gairid i ndiaidh an Bhuiséid. Ní mór an **Bille Airgeadais**, a chuireann bearta cánach a fhógraítear sa Bhuiséad sa dlí, a achtú laistigh de cheithre mhí tar éis Rúin Airgeadais Lá an Bhuiséid a rith.


I mí na Nollag, foilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an **tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe** ina dtugtar miondealú maidir le caiteachas i ngach Roinn agus gníomhaireacht an Rialtais chomh maith le heolas maidir le cúrsaí feidhmiúcháin.

# Cá as a dtagann an t-airgead?


Íoctar gach íocaíocht cánach agus ioncam eile a fhaigheann an Stát isteach i bpríomhchiste ar a dtugtar an Státchiste. Maoinítear caiteachas an Rialtais ón Státchiste.

Faigheann an Rialtas airgead ó roinnt foinsí. Íocann saoránaigh agus gnólachtaí ioncam cánach. Tagann ioncam neamhchánach ó roinnt foinsí lena n-áirítear ioncam ón mbanc ceannais, díbhinní ó scaireanna atá faoi úinéireacht an Rialtais agus an Chrannchuir Náisiúnta. Chomh maith leis sin, gineann Ranna agus comhlachtaí Rialtais airgead dá n-úsáid féin agus tugtar "Leithreasaí i gCabhair" air. Má tharlaíonn sé go bhfuil an caiteachas níos mó ná an t-ioncam, ní mór don Rialtas airgead a fháil ar iasacht. Déantar seo trí bhannaí a eisiúint den chuid is mó.

Briseadh síos ar ioncam de réir catagóire (€ million)



Léirítear sa chairt seo an méid ioncaim a táthar ag súil lena nginiúint in 2020 (i milliún €) trí ioncam cánach, ioncam neamhchánach agus leithreasaí i gcabhair. €75.7 billiún an t-ioncam iomlán.



# Mar a chaitear an t-airgead


Caitear airgead arna ghiniúint ag an Rialtas ar earraí agus seirbhísí a chur ar fáil. Is féidir é a roinnt ina dhá chuid – caiteachas reatha agus caipitiúil. Cumhdaítear caiteachas na Ranna agus na gcomhlachtaí Rialtais ó lá go lá i gcaiteachas reatha agus áirítear pá agus pinsin na Státseirbhíseach air sin. Is éard atá i gceist le caiteachas caipitiúil caiteachas ar shócmhainní fisiceacha fadtéarma amhail bóthair, droichid, foirgnimh ospidéil agus scoileanna agus sócmhainní neamhfhisiceacha freisin amhail bogearraí ríomhaireachta.

**€70 billiún a bheidh sa Chaiteachas a Vótáladh don bhliain 2020**


Tugtar ‘Caiteachas a Vótáladh’ ar an gcaiteachas arna cheadú ag an Dáil le linn phróiseas an Bhuiséid.

Níl caiteachas Nár Vótáladh faoi réir cheadú bliantúil ón Dáil ach déantar foráil don chaiteachas sin i ndlíthe atá ann cheana. Áirítear air sin caiteachas amhail ús ar an bhFiachas Náisiúnta agus ranníoc na hÉireann i leith Bhuiséad an AE. Áirítear air sin freisin costais amhail Tithe an Oireachtais agus pá breithiúna. Tiocfaidh caiteachas Nár Vótáladh go €10.2 billiún in 2020.


Caiteachas a Vótáladh le trí bliana anuas (i €milliúin)



Léirítear sa chairt seo mar a mhiondealófar Caiteachas a Vótáladh €70 billiún don bhliain 2020 idir caiteachas ar earraí agus seirbhísí, pá agus pinsin agus caiteachas caipitiúil.



Léirítear sa chairt seo mar a leithdháilfear Caiteachas a Vótáladh ar fud réimsí beartais éagsúla (i milliún €) in 2020.



Beidh **108,000** leanbh cláraithe ar an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

Bunoideachas agus oideachas iar-bhunscoile curtha ar fáil do **936,940** dalta

**600,000** duine clúdaithe faoin gcárta cuairt dochtúra

Sochar breoiteachta, míchumais agus liúntas do Chúramóirí curtha ar fáil do **355,000** duine

Íocaíochtaí pinsin curtha ar fáil do **677,000** seanduine

**14,789** ball den Gharda Síochána faoi dheireadh 2020

Cúnamh tugtha do **137,000** feirmeoir trí scéimeanna talmhaíochta

# Céard atá á dhéanamh againn faoin mBreatimeacht?



Chun críocha buiséadacha, tá an Buiséad curtha i dtoll a chéile ar an mbun tuisceana nach dtarlóidh Breatimeacht gan mhargadh. Ciallaíonn sin go bhfuil na réamhaisnéisí sa Bhuiséad bunaithe ar réamh-mheastacháin maidir le mar a bheidh an geilleagar tar éis Breatimeacht gan mhargadh. Táthar ag súil go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag Breatimeacht gan mhargadh ar airgeadas poiblí na hÉireann.

**€170 milliún**

d'fhonn ullmhú don Bhreatimeacht

Caithfear **€170 milliún** in 2020 chun cabhrú leis an ullmhúchán do na dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht.

Ar na nithe seo a leanas a chaithfear an t-airgead sin:

- A chinntiú gur féidir le gnólachtaí agus fiontair dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht a bhainistiú, agus díreofar ar rannpháirtíocht le níos mó margaí domhanda
- A chinntiú gur féidir leis an earnáil agraibhia a bhfuil leochaileacht ar leith ag baint léi glacadh leis dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht agus gur féidir leis an earnáil a bheith faoi bhláth san fhadtéarma.
- A chinntiú go bhfuiltear ag tacú le leasanna na hÉireann sa bhaile agus thar lear i gcomhthéacs an Bhreatimeachta.

## €185 milliún

Chun cloí leis na rialacha agus rialacháin

Beidh **€185 milliún** ag teastáil chun uasghráduithe a dhéanamh ag Calafort Bhaile Átha Cliath, Calafort Ros Láir (Europort) agus Aerfort Bhaile Átha Cliath. Úsáidfear an t-airgead sin lena chinntiú go mbeidh foireann rialála agus custam a bhfuil gá leo i bhfeidhm.

## €650 milliún

Cistíocht Teagmhais Breatimeachta

Tá Cistíocht Teagmhais Breatimeachta €650 milliún, más gá sin, sa chás go dtarlódh Breatimeacht gan Mhargadh.

Ní chuirfear an t-airgead ar fáil go dtí go mbeidh gá leis mar gheall nach bhfuil aon chinnteacht ann maidir leis an amlíne nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a imeoidh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach. Déanfar measúnú air sin ag céimeanna éagsúla le linn na bliana.

Sa chás go dtarlódh Breatimeacht 'Gan Mhargadh', cuirfear €220 milliún ar fáil láithreach.

Díreofar €110 milliún den airgead sin chun cuidiú le gnólachtaí atá leochaileach ach inmharthana.

I measc na tacaíochtaí a bheidh ar fáil:

- **Ciste Idirthréimhse** €45 milliún;
- **Ciste Tarrthála agus Athstruchtúraithe** €42 milliún;
- **Ciste Trasfhoirmithe** €8 milliún do ghnólachtaí Bia agus Neamhbhia;
- €5 milliún sa bhreis do **Micro Finance Ireland**

- €5 milliún do **Chistíocht Éigeandála Breatimeachta d'Oifigí Fiontair Áitiúila**;
- €2m sa bhreis do **Intertrade Ireland**; agus
- €3m sa bhreis do **Chomhlachtaí Rialála**.

Cuirfear €110m ar fáil tríd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú leis an earnáil mairteola agus le comhlachtaí bia

- Cuirfear €85 milliún ar fáil **d'fheirmeoirí mairteola**;
- €14 milliún d'**Iascaigh**;
- €6 milliún **d'fheirmeoirí beostoic** eile agus don **earnáil muisiriúin**; agus
- €5 milliún don tionscal **próiseála bia agus deochanna**.

Beidh €40 milliún ar fáil, más gá leis sin, chun tacú le **Turasóireacht**.

Déanfar athbhreithniú ar mar a chaithfear an chuid eile den chiste teagmhais níos gaire don am.

**€410 milliún**

Don Bheochlár agus Tacaíochtaí Fostaíochta

Cuirfear €365 milliún ar fáil freisin más gá leis sin do chaiteachais bhreise ar an mBeochlár agus scéimeanna gaolmhara le haghaidh Coimirce Shóisialta agus cuirfear €45 milliún ar fáil chun cuidiú le daoine **athrú chuig deiseanna fostaíochta nua**.

# Cén tionchar a bheidh ag Buiséad 2020 ormsa?

## Cén tionchar a bheidh ag Buiséad 2020 ormsa?

Síneadh le cúram Lia-Chleachtóirí saor in aisce chuig leanaí faoi 8 mbliana d'aois (ó Mheán Fómhair)

Cúram fiacla saor in aisce do leanaí faoi 6 bliana d'aois (ó Mhéan Fómhair)

Méadú €5 curtha le liúntas maireachtála aonair (a mbainfidh breis 200,000 duine leas as)

Liúntas don leanbh cáilithe ardaithe d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh (méadú €2 do leanaí faoi 12 bhliain d'aois, méadú €3 do leanaí os cionn 12 bhliain d'aois)

Earcófar suas le **700** Garda in 2020

Freastalófar ar 15,750 teach sa bhreis faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta Cúnaimh Tithíochta

**€1.5 billiún** leithdháilte chun aonaid tithíochta shóisialta eile a thógáil, a fháil agus a ligean ar léas

Os cionn 1,600 post sa bhreis i scoileanna lena n-áirítear os cionn 1,000 SNA-anna agus 400 múinteoir oideachais speisialta

**1 milliún** uair an chloig sa bhreis maoinithe le haghaidh tacaíocht baile

Méadú €100 ó €1,500 go €1,600 ar an gCreidmheas Cánach Cúramóra Baile

Méadú €150 ó €1,350 go €1,500 ar an gcreidmheas ioncaim tuillte do dhaoine féinfhostaithe

Ráta laghdaithe MSU a leathnú chuig sealbhóirí cárta leighis go dtí an 1 Eanáir 2021

Méadú **50c** i mál ar phaicéad 20 toitín

Síneadh curtha leis an Scéim um Chúnamh chun Ceannach go dtí deireadh na bliana 2021

Síneadh curtha le Tionscnamh na Cathrach Beo go dtí deireadh na bliana 2022

Ardú ar dleacht stampála ó 6.5% go 7.5% ar réadmhaoin neamhchónaithe

Síneadh le tairseach táirgthe ar fhaoiseamh na micreaghrúdlann chuig 50,000 heictilítear

# Cáin Charbóin agus Gníomhú ar son na hAeráide

Cuirfear méadú €6 i bhfeidhm ar ráta reatha na Cánach Carbóin in aghaidh gach tona astuithe dé-ocsaíd charbóin. €26 a bheidh sa ráta in aghaidh gach tona seachas €20.

Cuirfear an méadú i bhfeidhm ar pheitreal agus ar mhótardhíosal ó mheán oíche an 8 Deireadh Fómhair agus ar bhreoslaí eile ón 1 Bealtaine 2020.

Léirítear sa tábla thíos na méaduithe praghsanna a d'fhéadfadh a bheith ar bhreoslaí tomhaltóirí a úsáidtear go coitianta .

## Do d'Fheithicil

| | Aonad | Costas Méadaithe* |
|---|---|---|
| Peitreal | Lítear | €0.02 |
| Mótardhíosal | Lítear | €0.02 |

## Do do Theach

| | Aonad | Costas Méadaithe* |
|---|---|---|
| Ceirisín (Téamh) | Líonadh 900 Lítear | €15.50 |
| Gual | 40kg | €0.72 |
| Brícíní móna | Burla 12.5kg | €0.16 |
| Gas (Heating) | 11,000 kwh** | €13.58 |

*Rinneadh na figiúirí a shlánú go dtí an cent is gaire

**Úsáid mheasta teaghlaigh ar bhonn bliantúil de réir an Choimisiúin um Rialáil Fóntas

**€90 milliún**

A táthar ag súil lena ghiniúint leis an gCáin Charbóin in 2020

Imfhálfar an €90 milliún a ghinfear tríd an gcáin charbóin a ardú chun na daoine is mó atá i mbaol costas breosla agus fuinnimh airde a chosaint, chun tacú le hathrú cóir do dhaoine easáitithe agus chun infheistiú i ngníomhú nua ar son na haeráide. Ciallaíonn sin go bhfuil cinnteacht ann nach gcaithfear an t-airgead ach ar na scéimeanna a oibríonn ar son gníomhaithe aeráide.

| Daoine Leochaileacha a Chosaint | |
|---|---|
| Méadú €2 in aghaidh na seachtaine ar liúntas breosla | €21 milliún |
| Uasghráduithe ar Éifeachtúlacht Tearcrochtana Fuinnimh | €13 milliún |

| Athrú Cóir | |
|---|---|
| Scéim Chomhiomlán chun Tithíocht a Uasghrádú | €20 milliún |
| Athshlánú Tailte Portaigh | €5 milliún |
| Ciste um Athrú Cóir | €6 milliún |

| Infheistiú san Athrú ar Bheagán Carbóin | |
|---|---|
| Féarbhealaigh/Rothaíocht i gCeantair Uirbeach | €9 milliún |
| Deontais le haghaidh Feithiclí Leictreacha | €8 milliún |
| Tuilleadh Infheistiú in Infreastruchtúr Luchtaithe EV | €3 milliún |
| Cúnamh Forbartha Thar Lear - Green Climate Fund | €2 milliún |
| Cláir Phíolótacha maidir le Talmhaíocht Ghlas | €3 milliún |


# Mar atá ag éirí le Éirinn?

## Olltáirgeacht Intíre (OTI)

Is beart atá coigeartaithe ag an mboilsciú é an **Fíor -OTI** ina léirítear luach na n-earraí agus na seirbhísí arna dtáirgeadh ag geilleagar aon bhliain ar leith.


**0.7%** an fás réamh-mheasta OTI i gcomparáid le 2019.

Treocht maidir le Fás OTI ó 2018 agus réamh-mheastacháin do na blianta atá romhainn.




## An Margadh Saothair

Líon na ndaoine i bhfostaíocht ó 2018 agus réamh-mheastacháin do na blianta atá romhainn




**2.3 million** líon na ndaoine i bhfostaíocht in Éirinn i láthair na huaire.


Tá níos mó daoine fostaithe in Éirinn i láthair na huaire ná mar a bhí riamh. Tá an ráta dífhostaíochta laghdaithe go 5.2%.

## Easnamh

Ní mór an t-airgead a chaitheann an Stát chun earraí agus seirbhísí a chur ar fáil a chothromú i ndáil le hioncam nó teacht isteach a fhaigheann an Stát. Easnamh buiséid atá ann má chaitheann an Stát níos mó airgid ná a bhailíonn sé. Ní mór don Stát airgead a fháil ar iasacht chun an t-easnamh buiséid a chumhdach.

Táthar ag súil gur €2 billiún a bheidh san easnamh iomlán buiséid don bhliain 2020.

Réamh-mheastacháin easnaimh do na blianta atá romhainn (€ milliún)





## Fiachas

Má fhaigheann an Stát airgead ar iasacht, ní mór an t-airgead seo a íoc ar ais le hús.
Ciallaíonn sin go bhfuil níos lú airgid ar fáil le haghaidh seirbhísí poiblí agus dá bhrí sin tá sé mar thosaíocht ag an Rialtas fiachas poiblí a laghdú.

Táthar ag súil go mbeidh leibhéal fiachais ag **€198.5 billion** don bhliain 2020

An méid fiachais measta (i € billiún) ó 2019 ar aghaidh



# An bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?

## Láithreán Gréasáin an Bhuiséid

Tugtar léargas ginearálta sa treoir seo maidir leis na cinntí caiteachais agus cánach a rinneadh sa Bhuiséad. Más spéis leat eolas agus anailís níos mionsonraithe a léamh, nó más spéis leat an óráid a thug an tAire Lá an Bhuiséid a léamh fiú, tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.budget.gov.ie.




## An Áit a dTéann do Chuid Airgid

Uirlis atá éasca le húsáid atá sa láithreán gréasáin 'An Áit a dTéann do Chuid Airgid' chun caiteachas an Rialtais a scrúdú. Léirítear na sonraí ar chairteacha éagsúla idirghníomhacha.

Féach www.whereyourmoneygoes.gov.ie chun an uirlis a úsáid.



# Athbhreithniú ar Chaiteachas

Déantar athbhreithniú ar chaiteachas tríd an bpróiseas Athbhreithnithe Caiteachais lena chinntiú go bhfuil airgead na gcáiníocóirí á chaitheamh ar an mbealach is éifeachtaí agus éifeachtúla is féidir. Leis an athbhreithniú seo cuirtear eolas sa bhreis ar fáil don Rialtas chun tacú le cinntí buiséid. Foilsíodh 12 pháipéar athbhreithnithe caiteachais inniu.

Is féidir aon cheann de na páipéar athbhreithnithe caiteachais a léamh ag www.gov.ie/en/policy-information/7dc2b1-spending-review




# Buiséadú Comhionannais

Is éard atá i gceist le Buiséadú Comhionannais acmhainní an Stáit a úsáid chun dul i ngleic le neamhionannas ina fhoirmeacha éagsúla.

Ó tugadh Buiséadú Comhionannais isteach tá eolas níos fear ann ó thaobh thionchar na gcinntí buiséid agus soiléireacht níos mó maidir leis na réimsí a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu.

Is féidir tuilleadh a fhoghlaim faoin tionscnamh seo ag www.gov.ie/en/policy-information/aec432-equality-budgeting



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Tithe an Rialtas. Sráid Mhuirfean Uacht,**

**Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire**

Government Buildings, Upper Merrion Street,

Dublin 2, D02 R583, Ireland

T:+353 1 676 7571

@IRLDeptPer

**www.per.gov.ie**